An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán: 0047/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Treoirlínte maidir le Laethanta Scoile Laghdaithe a úsáid i Scoileanna

**Arna eisiúint ag:** An Roinn Oideachais

**Dáta Eisithe: 16 Meán Fómhair 2021**

## 1. Cuspóir an Chiorcláin

Is é is aidhm leis an gciorclán seo údaráis bhainistíochta scoile a chur ar an eolas gur forbraíodh Treoirlínte maidir le Laethanta Scoile Laghdaithe (dá ngairtear "na treoirlínte" anseo feasta) chun soiléireacht a thabhairt d'údaráis scoile agus do thuismitheoirí / chaomhnóirí maidir le húsáid laethanta scoile laghdaithe i scoileanna. Déantar é seo chun a chinntiú nach n-úsáidtear Laethanta Laghdaithe Scoile ach ar bhealach atá teoranta, iomchuí agus riachtanach go hiomlán, de réir treoirlínte ón Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar na treoirlínte ag https://www.gov.ie/en/publication/63545-the-use-of-reduced-school-days/

Forbraíodh na treoirlínte tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

## 2. Ginearálta

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo treoir a thabhairt d'údaráis scoile maidir leis an bpróiseas atá le leanúint nuair a bhíonn úsáid laethanta laghdaithe á meas maidir le daltaí, chun a chinntiú go bhfuil úsáid laethanta scoile laghdaithe teoranta do na cúinsí sin amháin ina bhfuil sé géarghá leo agus, má tharlaíonn a leithéid d'úsáid, go leanann scoileanna an cleachtas is fearr agus leasanna an dalta mar thosaíocht.

Baineann na treoirlínte seo le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe ag an Roinn Oideachais.

## 3. An Chéad Chéim Eile

Tiocfaidh na treoirlínte i bhfeidhm an 1 Eanáir, 2022.

Ní mór do gach bord bainistíochta: athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus go háirithe athbhreithniú a dhéanamh ar na cúinsí d'aon daltaí atá ar laethanta scoile laghdaithe faoi láthair, agus pleanáil chun a chinntiú go mbeidh údaráis na scoile in ann téarmaí na dtreoirlínte a chomhlíonadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2022.

Tabharfaidh sé seo am do scoileanna oiriúnú agus pleanáil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí.

## 4. Úsáid socruithe laghdaithe laethanta scoile

**Ón 1 Eanáir, 2022, ní mór do scoileanna:**

(a) na treoirlínte a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas roimh chur i bhfeidhm lá scoile laghdaithe agus,
(b) na próisis a leagtar amach sna treoirlínte a leanúint agus,
(c) fógra a thabhairt do Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla faoi shocrú laghdaithe lae scoile a úsáid d'aon dalta a bhfuil lá scoile laghdaithe i bhfeidhm aige.

Ón 1 Eanáir, 2022, ní mór a chur in iúl do Tusla maidir le socruithe nua nó socruithe reatha maidir le laethanta laghdaithe scoile; áirítear leis seo socruithe ar cuireadh tús leo roimh 1 Eanáir 2022 agus atá i bhfeidhm ón dáta sin.

## 5. Achoimre ar phríomhghnéithe na dtreoirlínte

Na treoirlínte

## 6. Ceisteanna

Is féidir aon cheisteanna maidir leis an gciorclán seo a chur chuig an Roinn ag na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

social_inclusion@education.gov.ie

nó nuair a bhaineann ceisteanna den sórt sin le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
special_education@education.gov.ie

nó le haghaidh ceisteanna a bhaineann le Tusla:
Tá sonraí teagmhála d'oifigí réigiúnacha Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla ar fáil agwww.tusla.ie/tess/get-in-touch/

## 7. An Ciorclán a chur thart

Cinntigh le do thoil go scaiptear an ciorclán seo ar gach ball den bhord bainistíochta / oideachais agus oiliúna agus go gcuirtear gach ábhar agus múinteoir atá fostaithe agat ar an eolas, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Ní mór cóip de na treoirlínte seo a chur ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí / dalta ar iarratas agus caithfear iad a sholáthar i gcónaí do thuismitheoirí / chaomhnóirí (nó dalta i gcás dalta atá níos sine ná 18 mbliana d'aois) i gcás ina bhfuil lá scoile laghdaithe á chur i bhfeidhm.

Tá leagan Gaeilge den chiorclán seo ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na

Roinne.

Tiocfaidh na treoirlínte i bhfeidhm ón 1 Eanáir, 2022.

**Mary Cregg**
**Príomhoifigeach**
**Ionchuimsiú Sóisialta**

**Eddie Ward**
**Príomhoifigeach**
**Oideachas Speisialta**

**Meán Fómhair 2021**